Tá POBAL ina chuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Tag. carthanachta XT27908
POBAL is a company limited by guarantee. Charity Ref. XT27908

Aogan Ó Fearghail

Uachtarán Chomhairle Uladh

Ulster GAA / CLG Uladh
Ceannarás Uladh
8-10 Market Street / 8-10 Sráid an Mhargaidh
Armagh / Ard Mhacha
Co Armagh
BT61 7BX

10ú Meán Fómhair 2012

A hAogáin, a chara,

Tá POBAL, grúpa abhcóideachta na Gaeilge, ag eagrú Cearta & Ceiliúradh arís i mbliana.

Tá Cearta & Ceiliúradh anois ina cheathrú bliain. An t-am seo, beidh féile 2 lá againn, le mór ócáid ar siúi Dé Sathairn 6 Deireadh Fómhair i Halla Uladh, ag toiseacht le Scáth-Pharáid ar son Acht na Gaeilge ar siúl roimhe sin.

Deis iontach é seo le dea-oibre na ngrúpaí Gaeilge agus do CLG a léiriú roimh scaifte oll-mhór (bhí 1,500 duine againn ag an ócáid an bhliain seo caite) agus le teachtaireacht láidir a chur chuig rialtas na Breataine go gcaithfidh siad an gealltanas a thug siad in Aontas Chill Rímhinn, Acht Gaeilge a reachtú don Tuaisceart, a chomhlíonadh.

Ceann de na dúshláin móra a bhíonn againn gach bliain, ná go leor maor a bheith againn leis an lá is fearr a chinntiú do gach duine. Tá deis ar leith ann i mbliana do chumainn LG poiblíocht a dhéanamh ar an ról tábhachtach mar cheannairí an phobail agus iad ag caitheamh cultacha / léinte na foirne.

Anuraidh, fuair muid cuidiú agus tacaíocht ó baill de chumainn CLG Naomh Mhaológ agus Naomh Éanna, rud atá muid fíor-bhuíoch as, ach arís, i mbliana, tá muid ag brath ar dhaoine deonacha theacht agus tacú linn.

An bhfuil aon bhealach go dtiocfadh le Comhairle Uladh CLG cuidiú linn i mbliana? Tá muid ag cuardú maor, idir fir agus mná thar 18 mbliana, chun cuidiú le stiúr a choinneal ar na himeachtaí éagsúla, mar shampla;

- An suíomh ag Halla na Cathrach
- Ag siúl leis an pharáid
- Taobh amuigh agus istigh de Halla Uladh (glanadh na haite ag deireadh an lae san aireamh)

POBAL, Aonad 6, Teach Uí Chorráin, Ionad an Dá Spuaic, 155 Sráid Northumberland, Béal Feirste BT13 2JF
Teil: +44 (0)28 9043 8132 Faics: +44 (0)28 9024 8667
Ríomhphost: eolas@pobal.org Láithreán: www.pobal.org

- An sráid idir Halla na Cathrach agus Halla Uladh

Ar an drochuair, ní féidir linn táillí a íoc, ach cuirfidh muid sólaistí ar fáil do na hoibrithe ar fad.

Ba mhór linn dá dtiocfadh leis na maoir léinte a gcuid foireann féin a chaitheamh (cé go mbeidh ar gach duine cóta 'Hi-Viz' a chaitheamh chomh maith).

Tá súil agam gur féidir linn comhoibriú ar seo.

Míle buíochas,

S. Mac Aindreasa.

Séimí Mac Aindreasa

Oifigeach Forbartha

A hAogáin, a chara,

POBAL, the Irish language advocacy group, ar organising its Rights and Revelry event again this year.

Rights & revelry is now in its fourth year. This time, it will take the shape of a 2 day festival, with the main event taking place on Saturday 6th October in the Ulster Hall, to be preceded by an Umbrella Parade on behalf of the Irish Language Act.

This is a great opportunity to showcase the excellent work of the Irish language groups and the GAA, in front of a huge crowd (last year's event attracted an audience of 1,500 people) and to send a strong message to the british government that they must fulfil the promise they made in the St. Andrew's Agreement to enact an Irish Language Act in the North.

One of the main challenges we face each year is having enough stewards to ensure that everyone has the best possible day. The GAA have a particular opportunity this year to show their important role as community leaders whilst wearing their team colours/shirts.

Last year, we were helped and supported by members of St. Malachy's GAC and St. Enda's GAC, for which we were very grateful, but again this year, we are depending on volunteers to come and help us.

Is there any way that the Ulster Council CLG could help us this year? We are looking for stewards, men and women over the age of 18, to help look after the different events, e.g;

- The venue at Belfast City Hall
- Walking with the parade
- Outside and inside the Ulster Hall (including cleaning the venue afterwards)
- The street between Belfast City hall and the Ulster Hall

Unfortunately, we cannot pay expenses, however we will provide meals for all workers.

We would be delighted if the stewards could wear their respective team shirts (although everyone will also have to wear a 'Hi-Viz' jacket as well)

I hope we can work together on this.

Many thanks,

Séimí Mac Aindreasa

Development Officer

pobal